Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Lúnasa 2021
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2021/0271(NLE)**

**11288/21**
**ADD 1**

**TRANS 505**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 17 Lúnasa 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 478 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 15ú Comhthionól Ginearálta de chuid na hEagraíochta Idir-rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 478 final.

---

Faoi iamh: COM(2021) 478 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.8.2021
COM(2021) 478 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 15ú Comhthionól Ginearálta de chuid na hEagraíochta Idir-rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF)**

# IARSCRÍBHINN

## 1. RÉAMHRÁ

Beidh an 15ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Idir-Rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF) ar siúl an 28 agus an 29 Meán Fómhair 2021. Tá doiciméid na gcruinnithe le fáil ar shuíomh gréasáin OTIF ag an nasc seo a leanas:

http://extranet.otif.org/fr/?page_id=140

## 2. SEASAMH AN AONTAIS MAIDIR LE MÍREANNA ÁIRITHE AR AN gCLÁR OIBRE

**Mír 1 ar an gClár Oibre – An Cathaoirleach agus an Leas-Chathaoirleach a thoghadh**

| | |
|---|---|
| *Doiciméid:* | Gan ann dóibh |
| *Inniúlacht:* | An tAontas (roinnte) |
| *Feidhmiú ceart vótála:* | Na Ballstáit |
| *Seasamh:* | Gan ann dó |

**Mír 2 ar an gClár Oibre – An clár oibre a ghlacadh**

| | |
|---|---|
| *Doiciméid:* | SG-21009-AG 15/2 |
| *Inniúlacht:* | An tAontas (roinnte agus eisiach) |
| *Feidhmiú ceart vótála:* | An tAontas |
| *Seasamh:* | I bhfabhar an dréachtchlár oibre a ghlacadh |

**Mír 3 ar an gClár Oibre – An Coiste um Dhintiúir a chur ar bun**

| | |
|---|---|
| *Doiciméid:* | Gan ann dóibh |
| *Inniúlacht:* | An tAontas (roinnte) |
| *Feidhmiú ceart vótála:* | Na Ballstáit |
| *Seasamh:* | Gan ann dó |

**Mír 4 ar an gClár Oibre – An obair a eagrú agus aon Choiste a ainmniú a mheastar a bheith riachtanach**

| | |
|---|---|
| *Doiciméid:* | Gan ann dóibh |
| *Inniúlacht:* | An tAontas (roinnte) |
| *Feidhmiú ceart vótála:* | Na Ballstáit |
| *Seasamh:* | Gan ann dó |

**Mír 5 ar an gClár Oibre – Stádas an Choinbhinsiúin agus ballraíocht in OTIF**

| | |
|---|---|
| *Doiciméid:* | SG-21010-AG15/5 |
| *Inniúlacht:* | An tAontas (roinnte) |
| *Feidhmiú ceart vótála:* | Neamhbhainteach |
| *Seasamh:* | Gan ann dó |

**Mír 6 ar an gClár Oibre – Ard-Rúnaí a thoghadh le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2024**

| | |
|---|---|
| *Doiciméid:* | Dáileadh srianta |
| *Inniúlacht:* | An tAontas (roinnte) |
| *Feidhmiú ceart vótála:* | Na Ballstáit |
| *Seasamh:* | Gan ann dó |

**Mír 7 ar an gClár Oibre – Straitéis fhadtéarmach OTIF**

| | |
|---|---|
| *Doiciméid:* | SG-21017-AG 15/7 |
| *Inniúlacht:* | An tAontas (roinnte agus eisiach) |
| *Feidhmiú ceart vótála:* | An tAontas |
| *Seasamh:* | Tacú le tionscnamh an Ard-Rúnaí straitéis fhadtéarmach a fhorbairt le haghaidh OTIF.<br><br>Tuarascáil an Ard-Rúnaí a thabhairt d'aire an Chomhthionóil agus a aithint gur cuireadh san áireamh go héifeachtach na barúlacha a thug an tAontas le linn an phróisis comhairliúcháin.<br><br>Tacú leis an togra le haghaidh cinneadh ón gComhthionól Ginearálta chun an méid seo a leanas a dhéanamh:<br><br>- treoir a thabhairt don Ard-Rúnaí dréacht-togra athbhreithnithe a ullmhú le haghaidh straitéis fhadtéarmach, ar cheart é a bhunú ar an dréacht arna sheoladh leis an gciorclán SG-21001 (féach Iarscríbhinn 1) agus a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le freagairt an Ard-Rúnaí ar an aiseolas a fuarthas le linn an chomhairliúcháin (cuid D den doiciméad SG-21017-AG 15/7) agus le torthaí an phlé ag an 15ú Comhthionól Ginearálta, agus<br><br>- treoir a thabhairt don Ard-Rúnaí i gcomhairle le horgáin OTIF straitéis fhadtéarmach a ullmhú le haghaidh OTIF agus í a chur faoi bhráid an chéad ghnáthsheisiúin eile den Chomhthionól Ginearálta atá beartaithe le haghaidh fhómhar na bliana 2024.<br><br>Le linn an phlé breise ar an ábhar seo laistigh de OTIF, tá an tAontas lena dhícheall a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh straitéis fhadtéarmach OTIF i gcomhréir le Straitéis an Aontais maidir leis an Eoraip agus an Áise a Chónascadh, agus le cuspóirí ábhartha beartais an Aontais maidir le hiompar d'iarnród, go gcumhdófar aidhmeanna na heagraíochta go leordhóthanach le foirmliú chuspóirí straitéiseacha fadtéarmacha OTIF agus nach mbeidh mar thoradh air cuspóirí nua a chur le OTIF nó/ná léirmhíniú a fhoirmliú ar chuspóirí atá ann cheana lena dtugtar le tuiscint go gcuirfear síneadh le hinniúlachtaí OTIF, go ndéanfar |

GA



GA

| | |
|---|---|
| | tionchar féideartha na straitéise fadtéarmaí ar eagrú agus acmhainní OTIF a mheasúnú agus a dhoiciméadú mar chuid den togra le haghaidh dréacht-togra athbhreithnithe, agus go ndéanfar an straitéis, tar éis a glactha, a chur chun feidhme go príomha trí bhíthin úsáid a bhaint as uirlisí agus nósanna imeachta atá ann cheana, mar a bhunaítear in COTIF (clár oibre, buiséad, tuarascálacha bainistíochta, gníomhaíochtaí na n-orgán, etc.). |
| *Barúlacha:* | An méid a chuir an tAontas leis an gcomhairliúchán a eagraíodh maidir leis an dréacht-togra le haghaidh straitéis fhadtéarmach OTIF, cuireadh faoi bhráid Rúnaíocht OTIF é an 17.3.2021 agus tá sé le fáil san Iarscríbhinn a ghabhann le SG-21017-AG 15/7. Ba dhíol sásaimh don Aontas an tionscnamh ach chuir sé in iúl nár forbraíodh an dréachtstraitéis go leordhóthanach. Tá gá le tuilleadh anailíse cúlra agus plé ar leibhéal na saineolaithe. Mar thús, ba cheart anailís a dhéanamh ar an staid reatha san iompar idirnáisiúnta d'iarnród, lena n-áirítear tuairisc a thabhairt ar na dúshláin láithreacha agus na dúshláin atá ag teacht chun cinn, agus breithniú a dhéanamh ar fhianaise ábhartha dhlíthiúil, eacnamaíoch, chomhshaoil agus theicneolaíoch. |

**Mír 8, a) ar an gClár Oibre – Tuarascáil ar ghníomhaíochtaí an Choiste *ad hoc* um Chomhar agus Mheitheal na Saineolaithe Dlí**

| | |
|---|---|
| *Doiciméid:* | SG-21018-AG 15/8.1 |
| *Inniúlacht:* | An tAontas (roinnte agus eisiach) |
| *Feidhmiú ceart vótála:* | An tAontas |
| *Seasamh:* | An tuarascáil ar ghníomhaíochtaí an Choiste *ad hoc* um Chomhar agus Mheitheal na Saineolaithe Dlí a thabhairt dá aire agus a aithint cé chomh tábhachtach is atá sé leanúint den obair atá á déanamh ag an dá chomhlacht sin agus an obair sin a chuíchóiriú.<br><br>Tacú leis an gcinneadh ón gComhthionól Ginearálta an Coiste *ad hoc* um Chomhar agus Meitheal na Saineolaithe Dlí a chumasc ina gCoiste *ad hoc* aonair um Ghnóthaí Dlíthiúla agus um Chomhar Idirnáisiúnta.<br><br>An sainordú atá beartaithe maidir leis an gCoiste *ad hoc* um Ghnóthaí Dlíthiúla agus um Chomhar Idirnáisiúnta a fhormheas, le haghaidh tréimhse thosaigh 3 bliana, agus ar choinníoll go n-áireofar ann an ceanglas a ghníomhaíochtaí a chomhordú leis na horgáin a shainítear in Airteagal 13 § 1 de COTIF. Mura nglacadh an Comhthionól Ginearálta leis na ceanglais sin, ba cheart don Aontas dearbhú aontaobhach a dhéanamh ina luafar gurb é an tuiscint atá ag an Aontas Eorpach gur cheart don Choiste *ad hoc* sin a ghníomhaíochtaí a chomhordú leis na horgáin a shainítear in Airteagal 13 § 1 de COTIF. |

| | |
|---|---|
| *Barúlacha:* | Léirítear sa tuarascáil a chuir an tArd-Rúnaí i láthair gur chomhlíon an Coiste *ad hoc* um Chomhar agus Meitheal na Saineolaithe Dlí a sainordú go héifeachtach agus gur léirigh siad a luach sa chomhthéacs dlí OTIF a fhorbairt agus an comhar idirnáisiúnta a neartú. Ag an 4ú seisiún a bhí acu, i mí Aibreáin 2021, tháinig an dá chomhlacht ar chomhaontú maidir le togra comhpháirteach chun a gcuid oibre a atheagrú amach anseo agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú, trí bhíthin Coiste *ad hoc* aonair a bhunú. |

**Mír 8, b) ar an gClár Oibre – Faireachán agus measúnú ar ionstraimí dlí**

| | |
|---|---|
| *Doiciméid:* | SG-21019-AG 15/8.2 |
| *Inniúlacht:* | An tAontas (roinnte agus eisiach) |
| *Feidhmiú ceart vótála:* | An tAontas |
| *Seasamh:* | Tacú le glacadh an Dréacht-Chinnidh maidir le faireachán agus measúnú a dhéanamh ar ionstraimí dlí.<br><br>Tacú le formheas na Nótaí Míniúcháin maidir leis an Dréacht-Chinneadh maidir le faireachán agus measúnú a dhéanamh ar ionstraimí dlí. |
| *Barúlacha:* | Leagtar amach sa dréachtchinneadh atá beartaithe na forálacha dlíthiúla is gá chun beartas faireacháin agus measúnaithe ionstraimí dlí OTIF a eagrú agus a chur chun feidhme (raon feidhme, pleanáil agus tosaíocht, comhar, bailiú sonraí, measúnú agus obair leantach), i gcomhréir le cuspóirí Chlár Oibre OTIF. |

**Mír 8, c) ar an gClár Oibre – Rialacha Nós Imeachta an Chomhthionóil Ghinearálta maidir le rannpháirtíocht agus ionadaíocht (dintiúir) a mhodhnú**

| | |
|---|---|
| *Doiciméid:* | SG-21020-AG 15/8.3 |
| *Inniúlacht:* | An tAontas (roinnte agus eisiach) |
| *Feidhmiú ceart vótála:* | An tAontas |
| *Seasamh:* | Tacú le glacadh na leasuithe ar Airteagail 4 go 7 de Rialacha Nós Imeachta an Chomhthionóil Ghinearálta.<br><br>Tacú le formheas na Nótaí Míniúcháin maidir le hAirteagail 4 go 7 de Rialacha Nós Imeachta an Chomhthionóil Ghinearálta. |
| *Barúlacha:* | D'ullmhaigh Meitheal na Saineolaithe Dlí tograí chun forálacha Rialacha Nós Imeachta an Chomhthionóil Ghinearálta maidir le dintiúir a leasú, d'fhonn iad a fheabhsú agus a shoiléiriú. |

**Mír 8, d) ar an gClár Oibre – Tionscnamh UNECE maidir leis an Dlí Iarnróid Aontaithe**

| | |
|---|---|
| *Doiciméid:* | SG-21021-AG 15/8.4 |
| *Inniúlacht:* | An tAontas (roinnte agus eisiach) |
| *Feidhmiú ceart vótála:* | An tAontas |
| *Seasamh:* | Tuarascáil an Ard-Rúnaí agus conclúidí Mheitheal na Saineolaithe Dlí maidir le bealaí cur chuige a d'fhéadfadh a bheith ann i leith aontú an dlí iarnróid a thabhairt dá aire;<br><br>Comhaontú leis an togra le haghaidh cinneadh ón gComhthionól Ginearálta maidir leis an méid seo a leanas:<br><br>- tacú le dlí comhéadain idir COTIF/an Conradh le haghaidh Iompair Idirnáisiúnta Earraí d'Iarnród agus an Comhaontú maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí d'Iarnród a chruthú agus a ghlacadh chun an t-iompar idirnáisiúnta lasta d'iarnród idir an Eoraip agus an Áise a éascú, ar choinníoll nach mbeidh an dlí comhéadain sin ag teacht salach ar na Rialacha Comhionanna maidir leis an gConradh le haghaidh Iompair Idirnáisiúnta Earraí d'Iarnród ná ar an gComhaontú maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí d'Iarnród;<br>- treoir a thabhairt don Ard-Rúnaí leanúint de bheith rannpháirteach in obair UNECE ar an tionscadal chun an dlí iarnróid a aontú agus treoir a thabhairt don Choiste *ad hoc* maidir le gnóthaí dlíthiúla agus comhar idirnáisiúnta chun faireachán a dhéanamh ar thionscadal UNECE maidir le haontú an dlí iarnróid;<br><br>An cinneadh a glacadh ag an 13ú seisiún dá chuid a athdhearbhú, cinneadh lena n-aithnítear go dteastaíonn cinneadh roimh ré maidir le páirt a ghlacadh in ullmhú aon téacs nua maidir leis an dlí idirnáisiúnta iarnróid a bhféadfadh a raon feidhme agus a chuspóirí a bheith i gcomhthráth, go páirteach nó go hiomlán, le raon feidhme COTIF agus le cuspóirí OTIF. |
| *Barúlacha:* | Baineann an t-ábhar le comhchuibhiú agus aontú an dlí maidir le hiompar d'iarnród le haghaidh trácht idirnáisiúnta san Eoráise, trácht a bhainistítear faoi láthair trí bhíthin dhá chóras dhlíthiúla ar leith: (1) COTIF arna riar ag OTIF, lena n-áirítear Foscríbhinn B a ghabhann leis, 'Rialacha Comhionanna maidir leis an gConradh le haghaidh Iompair Idirnáisiúnta Earraí d'Iarnród'; (2) an Comhaontú maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí d'Iarnród a riarann an Eagraíocht um Chomhar idir Iarnróid. Is é is cuspóir do thionscnamh UNECE maidir leis an Dlí Iarnróid Aontaithe cur chuige a fhorbairt chun dlí an iompair d'iarnród a aontú d'fhonn feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus ar iomaíochas na seirbhísí |

| | |
|---|---|
| | iompair lasta d'iarnród idir an Eoraip agus an Áise. Thacaigh na saineolaithe ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún, a bhí rannpháirteach sa ghníomhaíocht seo in UNECE, le cur chuige pragmatach céim ar chéim, ina dtosaítear, mar chéad chéim, le glacadh féideartha 'Coinbhinsiún an Dlí Iarnróid Aontaithe maidir leis an gconradh iompair', a d'fhéadfadh a bheith ann i gcomhar le rialacha ábhartha OTIF agus na hEagraíochta um Chomhar idir Iarnróid. Lena leithéid de dhlí comhéadain idir COTIF/an Conradh le haghaidh Iompair Idirnáisiúnta Earraí d'Iarnród agus an Comhaontú maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí d'Iarnród, líonfaí bearna sna rialacháin idirnáisiúnta maidir le hiompar idirnáisiúnta i gcás nach féidir na Rialacha Comhionanna maidir leis an gConradh le haghaidh Iompair Idirnáisiúnta Earraí d'Iarnród ná an Comhaontú maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí d'Iarnród a chur i bhfeidhm ar feadh fhad iomlán an turais (trácht idir an Eoraip agus an Áise). |

**Mír 9 ar an gClár Oibre – Rialacha maidir le toghadh agus coinníollacha seirbhíse an Ard-Rúnaí**

| | |
|---|---|
| *Doiciméid:* | SG-21022-AG 15/9 |
| *Inniúlacht:* | An tAontas (roinnte agus eisiach) |
| *Feidhmiú ceart vótála:* | An tAontas |
| *Seasamh:* | Tacú le glacadh an Dréacht-Rialacháin maidir le toghadh agus coinníollacha seirbhíse an Ard-Rúnaí ach a iarraidh go leasófar Airteagal 5 (Critéir cháilíochta) mar a leanas: *'eolas ar gach ceann de thrí theanga oibre OTIF, maille leis an gcumas scríobh go héasca agus go líofa i gceann amháin de na teangacha oibre'*.<br><br>Tacú le formheas na Nótaí Míniúcháin maidir leis an Dréacht-Rialachán, arna modhnú ar seisiún más gá chun an togra thuasluaite le haghaidh leasú ar Airteagal 5 den Dréacht-Rialachán a léiriú.<br><br>Tacú le glacadh na leasuithe ar Airteagail 10 go 22 de Rialacha Nós Imeachta an Chomhthionóil Ghinearálta agus le formheas na Nótaí Míniúcháin maidir le hAirteagail 10 go 22 de Rialacha Nós Imeachta an Chomhthionóil Ghinearálta.<br><br>Tacú le glacadh na leasuithe ar Airteagail 10 go 22 de Rialacha Nós Imeachta an Chomhthionóil Ghinearálta agus le formheas na Nótaí Míniúcháin maidir le hAirteagail 10 go 22 de Rialacha Nós Imeachta an Chomhthionóil Ghinearálta a bhaineann le toghadh agus coinníollacha seirbhíse an Ard-Rúnaí. |
| *Barúlacha:* | Murab ionann agus na critéir cháilíochta a cuireadh i bhfeidhm roimhe seo maidir le hiarratasóirí ar phost Ard-Rúnaí OTIF (eolas ar gach ceann de thrí theanga oibre OTIF, leis an gcumas scríobh |

| | |
|---|---|
| | go héasca agus go líofa i gceann amháin de na teangacha oibre), leagtar béim shainráite sa rialachán atá beartaithe ar eolas ar an mBéarla. Ina theannta sin, ní bheadh eolas ach ar dhá cheann de theangacha oibre OTIF ag teastáil. |

**Mír 10 ar an gClár Oibre – Rialacha Nós Imeachta an Chomhthionóil Ghinearálta a mhodhnú**

| | |
|---|---|
| *Doiciméid:* | SG-21024-AG 15/10 |
| *Inniúlacht:* | An tAontas (roinnte agus eisiach) |
| *Feidhmiú ceart vótála:* | An tAontas |
| *Seasamh:* | Tacú le glacadh na leasuithe ar Airteagail 4 go 7, 10, 22 agus 28 de Rialacha Nós Imeachta an Chomhthionóil Ghinearálta agus an leagan comhdhlúite de na Rialacha Nós Imeachta a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le SG-21024-AG 15/10 a chur in ionad na Rialacha Nós Imeachta.<br><br>Tacú le formheas na Nótaí Míniúcháin maidir le hAirteagail 4 go 7, 10 agus 22 de Rialacha Nós Imeachta an Chomhthionóil Ghinearálta agus an leagan comhdhlúite de na Nótaí Míniúcháin a leagtar amach in Iarscríbhinn 2 a ghabhann le SG-21024-AG 15/10 a chur in ionad na Nótaí Míniúcháin. |
| *Barúlacha:* | Mar a léirítear faoi mhír 8, pointe c), agus faoi mhír 9 ar an gclár oibre, déanfaidh an Comhthionól Ginearálta cinneadh maidir le tograí chun Rialacha Nós Imeachta an Chomhthionóil Ghinearálta a mhodhnú. Ba cheart leagan comhdhlúite de na leasuithe uile a chur isteach lena mbreithniú agus lena nglacadh ag an gComhthionól Ginearálta. |

**Mír 11 ar an gClár Oibre – An creat buiséadach**

| | |
|---|---|
| *Doiciméid:* | Dáileadh srianta |
| *Inniúlacht:* | Na Ballstáit |
| *Feidhmiú ceart vótála:* | Na Ballstáit |
| *Seasamh:* | Gan ann dó |
| *Barúlacha:* | De bhun Airteagal 4 de chomhaontú aontachais AE-OTIF, *'Ní dhéanfaidh an tAontas ranníocaíocht i leith bhuiséad OTIF ná ní ghlacfaidh sé páirt i gcinntí a bhaineann leis an mbuiséad sin.'* |

**Mír 12 ar an gClár Oibre – Tuarascáil ar ghníomhaíochtaí an Choiste Riaracháin sa tréimhse idir an 1 Deireadh Fómhair 2018 agus an 30 Meán Fómhair 2021**

| | |
|---|---|
| *Doiciméid:* | Dáileadh srianta |
| *Inniúlacht:* | An tAontas (roinnte) |
| *Feidhmiú ceart vótála:* | Na Ballstáit |
| *Seasamh:* | Gan ann dó |

**Mír 13 ar an gClár Oibre – Toghadh an Choiste Riaracháin le haghaidh na tréimhse idir an 1 Deireadh Fómhair 2018 agus an 30 Meán Fómhair 2021 (comhdhéanamh agus cathaoirleach)**

| | |
|---|---|
| *Doiciméid:* | Dáileadh srianta |
| *Inniúlacht:* | An tAontas (roinnte) |
| *Feidhmiú ceart vótála:* | Na Ballstáit |
| *Seasamh:* | Gan ann dó |

**Mír 18 ar an gClár Oibre – Cinntí, sainorduithe, moltaí agus doiciméid eile de chuid an Chomhthionóil Ghinearálta a ghlacadh (doiciméad críochnaitheach)**

| | |
|---|---|
| *Doiciméid:* | Dáileadh srianta |
| *Inniúlacht:* | An tAontas (roinnte agus eisiach) |
| *Feidhmiú ceart vótála:* | An tAontas |
| *Seasamh:* | Mar a shonraítear faoi na míreanna ábhartha ar an gclár oibre. |